Garda Ombudsman

INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

**Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána,**
**150 Sráid na Mainistreach Uachtarach,**
**Baile Átha Cliath 1.**

**Teileafón: (01) 871 6600**
**Íosghlao: 1890 600800**
**Facs: (01) 814 7026**
**Ríomhphost: info@gsoc.ie**
**Suíomh Gréasáin: www.gardaombudsman.ie**

An tUasal Alan Shatter TD,
An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais
94 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

A Aire, a chara,

Is pléisiúr dúinn an t-ochtú Tuarascáil Bhliantúil ó Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a chur faoi do bhráid, rud ina gcuimsítear an tréimhse idir an 1 Eanáir 2013 agus an 31 Nollaig 2013. Cuirtear an Tuarascáil seo faoi do bhráid de réir alt 80 d'Acht an Gharda Síochána 2005.

Le meas

Simon O'Brien, Cathaoirleach | Kieran FitzGerald, Coimisinéir | Carmel Foley, Coimisinéir

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána

Márta 2014

**COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA**

**AN 8ú TUARASCÁIL BHLIANTÚIL**

## CLÁR ÁBHAR


Litir chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ........................................................1

Súil Siar Choimisiún an Ombudsman ar an mBliain ...........................................................5


## 1. Gearáin


Tábla 1. Modhanna trína bhfuarthas gearáin.............................................................9

Tábla 2. Tréchur gearán ...........................................................................................9

Cairt 1. Cineálacha líomhna ..........................................................................................9

Cairt 2. Tosca na ngearán .........................................................................................10

Cairt 3. Láthair na líomhna .........................................................................................11

Cairt 4. Inscne na ngearánach .....................................................................................11

Cairt 5. Aois na ngearánach .........................................................................................12

Cairt 6. Náisiúntacht na ngearánach ..........................................................................12

Tábla 3. Líomhaintí de réir Rannáin, gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) a bheith ar áireamh ........................................................................................ 13

Léarscáil 1. Líomhaintí de réir Rannáin, gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) a bheith ar áireamh...........................................................................................13

Tábla 4. Líomhaintí de réir Rannáin - Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) .14

Léarscáil 2. Líomhaintí de réir Rannáin - Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC).14

Cairt 7. Céim na ngardaí a ndearnadh gearáin orthu ................................................15

Cairt 8. Inscne na ngardaí a ndearnadh gearáin orthu ..............................................15

Tábla 5. Torthaí na ngearán a dúnadh in 2013 .........................................................16

Tábla 6. Torthaí athbhreithnithe alt 94(10) a cuireadh i gcrích in 2013 ....................16

## 2. Tarchuir Alt 102

Tábla 7. Tarchuir de réir Rannáin, gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) a bheith ar áireamh ........................................................................................17

Léarscáil 3. Tarchuir de réir Rannáin, gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) a bheith ar áireamh ........................................................................................17

Tábla 8. Líomhaintí de réir Rannáin - Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) .18

Léarscáil 4. Líomhaintí de réir Rannáin - Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC).18

Cairt 9. Inscne an pháirtí ghortaithe nach ball den Gharda Síochána é .....................19

Cairt 10. Tosca tharchuir alt 102(1) ...............................................................19

Cairt 11. Lá den tseachtain a bhfuarthas tarchuir ......................................................20

Cairt 12. Am den lá a bhfuarthas tarchuir ...................................................................20

Tábla 9. Torthaí na dtarchur ..........................................................................21

## 3. Imscrúduithe chun Leas an Phobail

Imscrúduithe chun Leas an Phobail (Alt 102(4))................................................................22

## 4. Eolas a thabhairt do Cheapadh Beartais agus do Chleachtas Póilíneachta

Tábla 10. Moltaí/ Tuairimí ar tarraingíodh aird an Gharda Síochána orthu in 2013 ...24

Moltaí ón tSaintuarascáil chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais .....................27

Úsáid faisnéiseoirí ag an nGarda Síochána (Foinsí Faisnéise Daonna faoi Cheilt (FFDC)) ..........................................................................................................27

Úsáid ‘faisnéiseoirí rannpháirteacha’ ag an nGarda Síochána agus gníomhaíocht den sórt sin a rialáil ....................................................................................................28

Láimhseáil faisnéise ....................................................................................................29

Tionchar ar Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (COGS) agus ar mhaoirseacht ....................................................................................................29

## 5. Próifíl na nGearánach

Cairt 13. Eitneacht na ngearánach ....................................................................31

Cairt 14. Céadteanga na ngearánach ....................................................................32

Cairt 15. Stádas tithíochta na ngearánach ....................................................................32

Cairt 16. Stádas sláinte/míchumais na ngearánach ....................................................................33

Cairt 17. Stádas fostaíochta na ngearánach ....................................................................33

Cairt 18. Gnóthachtáil oideachais is airde na ngearánach ....................................................................34

## 6. Suirbhéanna ar Dhearcaí an Phobail

Athbhreithniú ar thorthaí an tSuirbhé ar Dhearcaí an Phobail 2013 ...............................35

## Aguisíní

Aguisín 1. Caiteachas agus Coigilteas 2013....................................................................36

Aguisín 2. Leibhéil Soláthar Foirne 2013....................................................................37

Aguisín 3. Oiliúint agus Forbairt 2013....................................................................39

Aguisín 4. Athbhreithniú Dlíthiúil ar 2013 ....................................................................41

## Súil Siar Choimisiún an Ombudsman ar an mBliain

Is é an aidhm atá ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (COGS) ná bheith ina spreagthach gníomhach taobh thiar de chuntasacht na nGardaí a bhíonn ag feabhsú i gcónaí. Creidim gur féidir muinín an phobail as an bpróiseas um réiteach gearán a chothú trí mhaoirseacht chóir, éifeachtach agus neamhchlaon a bheith á déanamh ag comhlacht neamhspleách ar an nGarda Síochána. Cé go raibh líon ní ba lú acmhainní againn, díreach mar a bhí amhlaidh i gcás a lán comhlachtaí poiblí eile, is mór an chreidiúint d'fhoireann na heagraíochta gur dhéileálamar in 2013 le hualach oibre a bhí an-chosúil ó thaobh scála de le hualach oibre na bliana roimhe.

### Imeachtaí Suntasacha in 2013

Bliain ghnóthach agus, uaireanta, bliain dheacair ba ea í. Áiríodh iad seo a leanas ar imeachtaí suntasacha na bliana:

- **Ár n-aighneacht chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus foilsiú Shaintuarascáil Ombudsman an Gharda Síochána ina dhiaidh sin ag an Aire**, rud a eisíodh de bhun alt 80(5) d'Acht an Gharda Síochána 2005, ar chríochnú Imscrúdaithe chun Leas an Phobail a tionscnaíodh faoin Acht sin. D'eisigh COGS an tSaintuarascáil an 9 Bealtaine 2013 agus leag an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tuarascáil sin os comhair Thithe an Oireachtais an aon céanna. Tháinig an tuarascáil as imscrúdú a bhí ar siúl le fada, rud a phléigh le roinnt réimsí íogaire, ar nós cleachtais láimhseála faisnéiseoirí sa Gharda Síochána. Tá na moltaí a rinneadh sa tuarascáil sin leagtha amach idir leathanach 26 agus leathanach 29. (Tá an tuarascáil ar fad ar fáil ag www.gardaombudsman.ie.)
- **Thángamar den chéad uair riamh os comhair Chomhchoiste an Oireachtais um Maoirseacht na Seirbhíse Poiblí agus Achainíocha.** Tháinig an Coimisiún os comhair Chomhchoiste an Oireachtais um Maoirseacht na Seirbhíse Poiblí agus Achainíocha an 3 Iúil 2013 chun plé a dhéanamh ar an Tuarascáil Bhliantúil, ar an tSaintuarascáil thuasluaite agus ar shaincheisteanna tráthúlachta i gcoitinne. Ba é sin an chéad uair riamh a tháinig an Coimisiún os comhair Choimisiún an Oireachtais. Ba mhór againn an cuireadh agus an éisteacht a fuaireamar ón gCoiste agus tá súil againn gur léirigh an cruinniú leibhéal spéise ní b'airde in obair COGS agus caidreamh domhain nua tuairiscithe leis an Oireachtas. (Tá tras-scríbhinn den chruinniú ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Oireachtais www.oireachtas.ie.)
- **Comhaontú Prótacal athbhreithnithe leis an nGarda Síochána, lenar clúdaíodh malairt faisnéise, i measc nithe eile.** Tá tráthúlacht in imscrúduithe ríthábhachtach do COGS chun gur féidir linn seirbhís éifeachtach a sholáthar. Ag teacht sna sála ar ábhair imní ar leagadh béim orthu sa Tuarascáil Bhliantúil do 2012 maidir le cineál agus le tráthúlacht na bhfreagraí ón nGarda Síochána i ndáil le hiarratais faisnéise, agus tar éis idirghabháil chabhrach ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus óna chuid feidhmeannach, rinne COGS agus Coimisinéir an Gharda Síochána Prótacail athchaibidlithe a chomhaontú agus a shíniú an 23 Meán Fómhair 2013. Beidh sé riachtanach don dá pháirtí a chinntiú nach gcaillfear an móiminteam sin agus go

mbeifear in ann fíorfheabhsuithe feidhmíochta a thuairisciú do 2014. B'annamh a baineadh amach an comhaontú roimhe, ba é sin, gur chóir imscrúduithe arna ndéanamh ag an nGarda Síochána tar éis tarchuir ó COGS (cásanna a bhíonn ar na cinn is lú ar an scála araíonachta) a chur i gcrích laistigh de 12 sheachtain (toisc go mbíonn sé chun tairbhe gach duine go ndéileáiltear le hábhair den sórt sin go tapa). Ba chosúil nach raibh aon bhunús le hiarracht eile a dhéanamh comhlíonadh na dtréimhsí ama sin a bhaint amach. Rinneadh leis na Prótacail athchaibidlithe na teorainneacha ama sin a shíneadh go 16 seachtaine i gcásanna neamh-mhaoirsithe agus go 20 seachtain i gcásanna maoirsithe. Táthar ag súil go n-éascóidh an síneadh sin seirbhís níos éifeachtúla don phobal agus don Gharda Síochána araon. (Tá na Prótacail athbhreithnithe ar fáil ag www.gardaombudsman.ie.)

## Príomhfhigiúirí

Sa bhliain 2013, fuair COGS 2,027 gearán ó dhaoine den phobal (2,089 gearán in 2012). I measc na ngearán sin, rinneadh 5,299 líomhain maidir le mí-iompar ag Gardaí.

Ba iad seo a leanas na ceithre chineál líomhna ba choitianta:

- mí-úsáid údaráis (34%)
- faillí i ndualgas (27%)
- cionta neamh-mharfacha (13%)
- míchúirtéis (11%).

Ba iad na nithe ba shuntasaí a ndearnadh gearáin ina leith ná oibríochtaí an Gharda Síochána a bhain le himscrúdú, le gabháil agus le póilíneacht ar bhóithre.

Tharchuir Coimisinéir an Gharda Síochána 41 teagmhas chuig COGS faoi alt 102(1) d'Acht an Gharda Síochána 2005 (an tAcht), figiúr a bhí ní b'ísle ná na 72 teagmhas in 2012, na 90 teagmhas in 2011 agus na 103 teagmhas in 2010. Ní féidir le COGS an treocht sin a mhíniú go héasca. Cé go raibh roinnt gnéithe dearfacha ann (go háirithe an laghdú i dtimpistí tráchta ar bhóithre (TTBanna) lenar bhain baill den Gharda Síochána agus as ar tháinig bás nó díobháil thromchúiseach), tá sé beartaithe ag COGS, i gcomhar leis an nGarda Síochána, scrúdú a dhéanamh ar aon tosca a d'fhéadfadh míniú ní b'fhearr a thabhairt ar an treocht sin.

Bhí ocht mbás i gceist leis na 41 teagmhas ar tharchuir Coimisinéir an Gharda Síochána iad. Ní bhfuair aon ghardaí bás sna teagmhais sin. Rinne COGS imscrúdú ar chás amháin eile lenar bhain bás de réir alt 102(2)(b).

D'oscail Coimisiún an Ombudsman trí imscrúdú chun leas an phobail de réir alt 102(4) den Acht (féach leathanach 22).

Lean COGS le páirt a ghlacadh i gclár For-Rochtana le linn 2013 ar mhaithe le feasacht a ardú ar an ról atá aige, agus láithreoireachtaí á dtabhairt aige do scoileanna agus do ghrúpaí pobail. D'fhreastail COGS ar Choláiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór, d'fhonn cur le clár oiliúna an Gharda Síochána i mbainistíocht do mhaoirseoirí.

## An Bealach a Réiteach i dtreo Éifeachtacht Níos Fearr Amach Anseo

### Leasuithe Reachtaíochta

Chuir COGS tograí faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais an 31 Bealtaine 2012 i ndáil le hathruithe ar an Acht a chreideamar a bheith ag teastáil chun go bhféadfaí cur ar chumas COGS a shainchúram a chomhlíonadh go héifeachtach. In éagmais athrú reachtaíochta, chuamar i mbun díospóireachta leis an nGarda Síochána in 2013, agus é mar aidhm againn bealaí nua a thabhairt isteach chun déileáil le roinnt ábhair nach mbíonn chomh tromchúiseach, ábhair a bhaineann den chuid ba mhó le cáilíocht na seirbhíse. Níor tháinig aon athruithe as an díospóireacht sin. Le himeacht ama, agus i bhfianaise ár ndíospóireachta leis an nGarda Síochána, d'fhéadfadh go ndéanfaimis athmhachnamh ar ár dtuairimí ar leasuithe reachtaíochta in 2014.

### Ceachtanna a Foghlaimíodh

Ar leathanach 4 dár Ráiteas Straitéise 2012-2016 (atá ar fáil ar www.gardaombudsman.ie), luann an Coimisiún go mbeidh "aithint saincheisteanna córasacha mar chuid de lúb feabhsaithe foghlama idir cásanna a imscrúdú, taighde a dhéanamh ar an ualach oibre foriomlán agus torthaí a thabhairt ar ais do na comhlachtaí cuí. D'fhéadfadh an cur chuige sin gearáin a laghdú agus feabhas buan a thabhairt isteach i gcáilíocht na seirbhíse a chuireann COGS agus an Garda Síochána araon ar fáil don phobal. D'fhéadfadh sé na spriocanna sin a bhaint amach agus brú a laghdú ar acmhainní tearca ag an am céanna".

Le linn 2013, rinne an Coimisiún iarracht deiseanna a aithint trína bhféadfaí aiseolas a thabhairt don Gharda Síochána ar mhaithe le heolas cuiditheach a thabhairt do chleachtas póilíneachta. De ghnáth, thugtaí an t-aiseolas sin de bhun imscrúduithe inar tarraingíodh aird ar shaincheist chórasach fhéideartha. Ní gá go raibh an tsaincheist chórasach fhéideartha ina hábhar lárnach don imscrúdú; i mórán cásanna, tháinig na saincheisteanna sin chun cinn le linn imscrúduithe ar ábhair eile. Sa chomhthéacs sin, bhain an t-aiseolas leis an nGarda Síochána mar eagraíocht, agus ní le baill aonair ar leith. Aithníonn an Coimisiún gur féidir baill den Gharda Síochána a chur i staideanna deacra uaireanta nuair nach mbíonn an gníomh ceart soiléir dóibh. Ba é an aidhm a bhí leis an aiseolas ná deiseanna a aithint trínar féidir leis an nGarda Síochána mar eagraíocht cabhrú le baill trí leas a bhaint as cibé bealach a mheasann sé a bheith ar an mbealach is fearr. Tá na moltaí leagtha amach ó leathanach 23 ar aghaidh sa tuarascáil seo.

### Cumarsáid

Rinneamar ár gcuid cumarsáide leis an bpobal a fhorbairt arís eile in 2013 trí leas a bhaint as na meáin shóisialta, ár suíomh Gréasáin agus ár gcuntas ar Twitter go háirithe, ar mhaithe le feabhas a chur ar thuiscint an phobail ar ár gcuid gníomhaíochtaí.

### Buiséad

B'ionann an buiséad bliantúil leithdháilte do 2013 agus €8,011,415. Ar aon dul le coigeartuithe buiséadacha na Roinne, laghdaíodh an tsuim sin ina dhiaidh sin. B'ionann an buiséad iarbhír, mar sin, agus €7,970,675. Mar a tharla i mblianta roimhe, thaispeánamar in 2013 an rún daingean atá ag COGS luach ar airgead a bhaint amach agus rialuithe dochta fioscacha a choimeád ar bun. Aithnímid an timpeallacht dheacair airgeadais ina n-oibríonn eagraíochtaí Stáit agus leanfaimid le húsáid chúramach a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil dúinn. Tá caiteachas agus coigilteas do 2013 leagtha amach in Aguisín 1.

### An Fhoireann

Cosúil le cuid mhór eagraíochtaí eile seirbhíse poiblí, bhí ní ba lú acmhainní ar fáil do COGS. Tá an soláthar foirne atá againn faoi láthair go maith faoi bhun na spriocanna pleanáilte don lucht saothair (Aguisín 2) a bhí ann ar dtús.

### Buíochas

Mar aon lenár bhfoireann an-tiomanta, ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don ionchur a fuarthas ó chuid mhór eile. Áirítear ar an ngrúpa sin foireann na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (SIP), na Breithiúna, na Cróinéirí, Óglaigh na hÉireann, an tSaotharlann Fóiréinseolaíochta agus Paiteolaí an Stáit, an Coimisiún um Chearta an Duine in Éirinn agus Coimisinéir an Gharda Síochána agus a chuid comhghleacaithe. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na daoine sin go léir as a gcuid cúirtéise agus gairmiúlachta.

### Conclúid

Tá rún daingean ag COGS díriú go leanúnach ar an misean, ar an bhfís, ar na luachanna agus ar na cuspóirí atá againn. Creidimid gur gné lárnach de chuntasacht na nGardaí é an ról neamhspleách atá againn. Bhí díospóireacht an-oscailte ar bun le páirtithe leasmhara éagsúla sa bhliain 2013. Tá súil againn gur tháinig comhaontuithe nua agus feasacht nua as an díospóireacht sin agus go mbainfidh an pobal agus an Garda Síochána tairbhe aisti sa todhchaí.

# 1. Gearáin

**Tábla 1. Modhanna trína bhfuarthas gearáin**

| Modhanna trína bhFuarthas Gearáin | Líon |
|---|---|
| Ar líne | 731 |
| Post | 641 |
| Stáisiún an Gharda Síochána | 307 |
| Teileafón | 167 |
| Oifig Phoiblí | 156 |
| Facs | 17 |
| Agallamh as an láthair | 8 |
| Iomlán | 2,027 |

**Tábla 2. Tréchur gearán**

| Tréchur Gearán | Líon |
|---|---|
| Gearáin a bhí oscailte ag tús na bliana | 1,052 |
| Gearáin a fuarthas in 2013 | 2,027 |
| Gearáin a dúnadh in 2013 | 2,072 |
| Gearáin a bhí ar láimh ag deireadh na bliana | 1,007 |

**Cairt 1. Cineálacha líomhna**

Léirítear i gCairt 1 thíos miondealú ar na bpríomhchatagóirí de chineálacha líomhna a fuarthas. Ba iad na ceithre chineál ba shuntasaí ná mí-úsáid údaráis, faillí i ndualgas, cion neamh-mharfach agus míchúirtéis. Áirítear ar an gcatagóir "eile" raon líomhaintí éagsúla. Mar shampla, cúlpháirtí dá bhfuil thuas, cleachtas éillitheach nó míchuí, damáiste coiriúil, iompar díchréidiúnach, nochtadh míchuí faisnéise, meisce, mí-úsáid drugaí, sárú tráchta ar bhóithre agus/nó cion gnéasach.




**Cairt 2. Tosca na ngearán**

Sainmhínítear “tosca na ngearán” mar phríomhchomhthéacs inar tharla an t-idirghníomhú as ar tháinig an gearán. Ba iad na tosca ba shuntasaí ná imscrúdú, gabháil agus póilíneacht ar bhóithre (Cairt 2). Áirítear ar an gcatagóir “eile” raon tosca éagsúla. Mar shampla, ábhair shibhialta, nochtadh faisnéise, inimirce, saincheisteanna réadmhaoine agus/nó imeachtaí poiblí.



**Cairt 3. Láthair na líomhna**

Is ionann "láthair na líomhna" agus an áit fhisiciúil inar tharla an t-idirghníomhú as ar tháinig an líomhain. Ba iad na láithreacha ba shuntasaí ná áit phoiblí, stáisiún an Gharda Síochána (sa chás nach raibh an duine faoi choimeád), áit chónaithe teaghlaigh agus stáisiún an Gharda Síochána (sa chás go raibh an duine faoi choimeád).




**Cairt 4. Inscne na ngearánach**



**Cairt 5. Aois na ngearánach**




0%

**Cairt 6. Náisiúntacht na ngearánach**



**Tábla 3. Líomhaintí de réir Rannáin an Gharda Síochána, gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) a bheith ar áireamh**

| Rannán | Líon | Rannán | Líon |
|---|---|---|---|
| An Cabhán/Muineachán | 170 | Luimneach | 184 |
| An Clár | 121 | Lú | 67 |
| Cathair Chorcaí | 186 | Maigh Eo | 106 |
| Corcaigh Thuaidh | 97 | An Mhí | 69 |
| Corcaigh Thiar | 86 | Ros Comáin/An Longfort | 78 |
| Dún na nGall | 183 | Sligeach/Liatroim | 90 |
| Gaillimh | 180 | Tiobraid Árann | 257 |
| Ciarraí | 116 | Port Láirge | 125 |
| Cill Dara | 130 | An Iarmhí | 168 |
| Cill Chainnigh/Ceatharlach | 161 | Loch Garman | 91 |
| Laois/Uíbh Fhaillí | 150 | Cill Mhantáin | 85 |

**Léarscáil 1. Líomhaintí de réir Rannáin an Gharda Síochána, gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) a bheith ar áireamh**



**Tábla 4. Líomhaintí de réir Rannáin an Gharda Síochána - Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC)**

| Rannán | Líon |
|---|---|
| Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thoir | 144 |
| Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thuaidh | 248 |
| Lár-Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thuaidh | 231 |
| Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas | 452 |
| Lár-Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas | 383 |
| Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thiar | 357 |

**Léarscáil 2. Líomhaintí de réir Rannáin an Gharda Síochána - Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC)**



**Cairt 7. Céim na ngardaí a ndearnadh gearáin orthu**




**Cairt 8. Inscne na ngardaí a ndearnadh gearáin orthu**



**Tábla 5. Torthaí na ngearán a dúnadh in 2013**

In 2013, dhún COGS 2,072 cás ina ndearnadh 5,883 líomhain. Leagtar amach sa tábla thíos torthaí na gcásanna sin.

| Toradh | Líon |
|---|---|
| Ní raibh gá le himscrúdú eile nó ní raibh imscrúdú eile indéanta le réasún | 2,277 |
| Bhí an líomhain neamh-inghlactha | 1,612 |
| Níor aithin Coimisinéir an Gharda Síochána aon sárú ar na Rialacháin Araíonachta | 1,176 |
| Tarraingíodh an líomhain siar | 307 |
| Níor aithin COGS aon mhí-iompar ag an nGarda tar éis imscrúdú alt 98 a dhéanamh | 220 |
| Ní bhfuarthas comhoibriú ón ngearánach | 124 |
| Tugadh comhairle | 49 |
| Thángthas ar réiteach neamhfhoirmiúil | 24 |
| Cuireadh an líomhain faoi bhráid SIP - níor stiúradh aon ionchúiseamh | 24 |
| Rinneadh laghdú i bpá nár mhó pá dhá sheachtain | 19 |
| Cuireadh an líomhain faoi bhráid SIP - stiúradh ionchúiseamh | 18 |
| Tugadh rabhadh | 17 |
| Níl feidhm ag Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonachta) 2007 maidir leis an nGarda a thuilleadh | 7 |
| Tugadh fíneáil | 5 |
| Tugadh iomardú | 2 |
| Tugadh rabhadh | 2 |
| **Iomlán** | **5,883** |

**Tábla 6. Torthaí athbhreithnithe alt 94(10) a cuireadh i gcrích in 2013**

Fuair COGS 112 iarratas ar athbhreithniú ar imscrúduithe neamh-mhaoirsithe an Gharda Síochána in 2013 de réir alt 94(10) den Acht. Chuir COGS 136 athbhreithniú i gcrích in 2013, athbhreithnithe a tháinig as iarratais a rinneadh in 2013 agus i mblianta roimhe. Léirítear torthaí na n-athbhreithnithe sin sa tábla.

| Toradh | Líon |
|---|---|
| Iarradh ar Choimisinéir an Gharda Síochána imscrúdú an ghearáin a athbhreithniú | 20 |
| Cinneadh nach raibh tuilleadh gnímh ag teastáil | 116 |
| **Iomlán** | **136** |

## 2. Tarchuir Alt 102

Le linn 2013, fuair COGS 41 tarchur ó Choimisinéir an Gharda Síochána de réir alt 102(1) d'Acht an Gharda Síochána 2005. (Luaitear in alt 102(1) go dtarchuirfidh *"Coimisinéir an Gharda Síochána chuig Coimisiún an Ombudsman aon ábhar a fheictear do Choimisinéir an Gharda Síochána a léiriú go bhféadfadh go raibh iompar baill den Gharda Síochána ina chúis le bás duine nó le dochar tromchúiseach a dhéanamh do dhuine".*) De na 41 tarchur a fuarthas, bhain 8 gcinn le básanna.

**Tábla 7. Tarchuir de réir Rannáin an Gharda Síochána, gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) a bheith ar áireamh**

| Rannán | Líon | Rannán | Líon |
|---|---:|---|---:|
| An Cabhán/Muineachán | 0 | Luimneach | 4 |
| An Clár | 0 | Lú | 0 |
| Cathair Chorcaí | 1 | Maigh Eo | 1 |
| Corcaigh Thuaidh | 0 | An Mhí | 0 |
| Corcaigh Thiar | 0 | Ros Comáin/An Longfort | 0 |
| Dún na nGall | 7 | Sligeach/Liatroim | 1 |
| Gaillimh | 2 | Tiobraid Árann | 0 |
| Ciarraí | 2 | Port Láirge | 2 |
| Cill Dara | 1 | An Iarmhí | 0 |
| Cill Chainnigh/Ceatharlach | 4 | Loch Garman | 0 |
| Laois/Uíbh Fhaillí | 1 | Cill Mhantáin | 1 |

**Léarscáil 3. Tarchuir de réir Rannáin an Gharda Síochána, gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) a bheith ar áireamh**



**Tábla 8. Tarchuir de réir Rannáin an Gharda Síochána – Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC)**

| Rannán | Líon |
|---|---|
| Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thoir | 4 |
| Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thuaidh | 0 |
| Lár-Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thuaidh | 3 |
| Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas | 1 |
| Lár-Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas | 4 |
| Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thiar | 2 |

**Léarscáil 4. Tarchuir de réir Rannáin an Gharda Síochána – Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC)**



**Cairt 9. Inscne an pháirtí ghortaithe nach ball den Gharda Síochána é**




**Cairt 10. Tosca tharchuir alt 102(1)**



**Cairt 11. Lá den tseachtain a bhfuarthas tarchuir**




**Cairt 12. Am den lá a bhfuarthas tarchuir**



**Tábla 9. Torthaí na dtarchur**

In 2013, dhún COGS 72 imscrúdú a tháinig as tarchuir a fuarthas le linn 2013 agus i mblianta roimhe. Léirítear sa tábla thíos torthaí na n-imscrúduithe dúnta sin.

| **Toradh Tharchuir Alt 102(1)** | **Líon** |
|---|---|
| Ní raibh gá le himscrúdú eile nó ní raibh imscrúdú eile indéanta le réasún / Níor aithníodh aon mhí-iompar | 105 |
| Cuireadh an líomhain faoi bhráid SIP - stiúradh ionchúiseamh | 10 |
| Cuireadh an líomhain faoi bhráid SIP - níor stiúradh aon ionchúiseamh | 34 |
| Tugadh comhairle tar éis imscrúdú alt 95 | 4 |
| Tugadh rabhadh tar éis imscrúdú alt 95 | 2 |
| Rinneadh laghdú i bpá tar éis imscrúdú alt 95 | 2 |
| **Iomlán** | **157** |

*Tabhair faoi deara: D'fhéadfadh go mbeadh líon na dtorthaí ní b'airde ná líon na gcásanna dúnta toisc go bhféadfadh roinnt daoine aonair ar leith a bheith i gceist le himscrúdú amháin.*

## 3. Imscrúduithe chun Leas an Phobail (Alt 102(4))

Bhí ceithre imscrúdú á ndéanamh ag COGS amhail an 1 Eanáir 2013. Osclaíodh na himscrúduithe sin faoi alt 102(4) d'Acht an Gharda Síochána 2005, i.e. *"féadfaidh Coimisiún an Ombudsman, má fheictear dó é a bheith inmhianaithe chun leas an phobail déanamh amhlaidh agus gan gearán a fháil, imscrúdú a dhéanamh ar aon ábhar a fheictear dó a léiriú go bhféadfadh–*
*(a) go ndearna ball den Gharda Síochána cion, nó*
*(a) gur iompair ball den Gharda Síochána ar bhealach a thabharfadh údar le himeachtaí araíonachta".*

1. Imscrúdú ar a leordhóthanaí a bhí imscrúdú an Gharda Síochána ar thimpiste tráchta ar bhóthar lenar bhain bás agus ullmhú thuarascáil dá éis an Gharda Síochána chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP). Bhí an t-imscrúdú sin ina ábhar d'imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a bhí fós ar siúl an 31 Nollaig 2013.

2. Imscrúdú ar líomhaintí maidir le claonpháirteachas ag baill den Gharda Síochána agus duine aonair a ainmníodh a bheith páirteach i ndrugaí rialaithe a ghluaiseacht agus a sholáthar agus ar chineál agus ar mhéid aon chaidrimh/chaidreamh idir baill den Gharda Síochána agus an duine ainmnithe sin. Tugadh an t-imscrúdú sin i gcrích i mí na Bealtaine 2013.

3. Imscrúdú a tháinig as ábhair imní maidir le caighdeán fhianaise an Gharda Síochána a chuir an Breitheamh Frank O'Donnell ón gCúirt Choiriúil Chuarda in iúl le linn triail choiriúil. Bhí an t-imscrúdú sin fós ar siúl amhail an 31 Nollaig 2013.

4. Imscrúdú ar ábhair a tháinig as Tuarascáil an Choimisiúin Imscrúdaithe ar Dheoise Chaitliceach Chluana. Bhí an t-imscrúdú sin fós ar siúl amhail an 31 Nollaig 2013.

D'oscail COGS trí imscrúdú den sórt sin le linn 2013:

1. Imscrúdú chun a chinneadh an ndearna aon fhinnéithe de chuid Gardaí (Gardaí cúltaca san áireamh) cion(ta) agus/nó gníomh(artha) dísmachta agus é/í ag soláthar fianaise faoi mhionn nó agus é/í ag ullmhú d'fhianaise a thabhairt i dtriail. Bhí an t-imscrúdú sin fós ar siúl amhail an 31 Nollaig 2013.

2. Imscrúdú tar éis faisnéis a fháil ó dhuine den phobal i ndáil le gníomhaíochtaí éillitheacha líomhnaithe ar thaobh baill den Gharda Síochána. Bhí an t-imscrúdú sin fós ar siúl amhail an 31 Nollaig 2013.

3. Imscrúdú ar ábhair imní shlándála a bhain le COGS. Tugadh an t-imscrúdú sin i gcrích in 2013.

Ag deireadh na bliana 2013, bhí cúig cinn de na seacht n-imscrúdú thuasluaite fós ar oscailt.

# 4. Eolas a thabhairt do Cheapadh Beartais agus do Chleachtas Póilíneachta

Le linn dó imscrúduithe a dhéanamh, d'aithin COGS saincheisteanna ar mheas sé gur chóir aird an Gharda Síochána a tharraingt orthu d'fhonn eolas cuiditheach a thabhairt do chleachtas póilíneachta. Bhain na saincheisteanna sin leo seo a leanas: coinneáil taifead, ról na mball le linn athshealbhuithe réadmhaoine, póilíniú oird phoiblí, faisnéis a sholáthar do COGS, caitheamh le daoine faoi choinneáil, idirchaidreamh teaghlaigh agus iompar ball den Gharda Síochána a d'fhéadfadh éagóir a fheiceáil agus iad ó dhiúité.

Thug an Garda Síochána freagra measctha don aiseolas sin: rinneadh gníomh i gcásanna áirithe, ach ní bhfuarthas aon fhreagra i leith cásanna eile faoin 31 Nollaig 2013.

### Moltaí/Tuairimí ar tarraingíodh aird an Gharda Síochána orthu in 2013

| Ginearálta | Sonrach | Moladh/ Tuairim a chuir COGS in iúl |
|---|---|---|
| Coinneáil taifead | Barántais | Tarraingíodh aird ar an imní a bhí ann faoi bharántas cuardaigh a cailleadh. |
| | Leabhair nótaí | Cuireadh ar aghaidh moltaí ó ghiúiré gur chóir baill den Gharda Síochána iontrálacha cuí a dhéanamh i leabhair nótaí maidir leis na himeachtaí ina mbíonn siad páirteach. *(Eisíodh tuarascáil tar éis do dhuine bás a fháil agus é faoi choimeád.)* |
| | Taifid chuardaigh | Rinneadh moladh gur chóir meabhrúchán a sheoladh do bhaill an Gharda Síochána taifid chuardaigh a chur i gcrích agus iad i mbun cuardaigh agus leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le damáiste a bhí ann cheana a nótáil toisc go bhféadfadh sé sin laghdú a dhéanamh ar an dóchúlacht go ndéanfaí gearáin ina dhiaidh sin. |
| | Taifid choimeádta | Cuireadh ábhar imní in iúl maidir le cén uair ba chóir taifead coimeádta a oscailt. |
| | | Moladh gur cheart úsáid a bhaint as clog digiteach sa láthair choimeádta. |
| | | Moladh gur cheart an clog digiteach sa láthair choimeádta a chur ar chomhthráth le Teilifís Chiorcaid Iata (TCI). |
| | | Moladh gur cheart do bhaill chuí amanna ar chórais TCI a sheiceáil go tréimhsiúil agus na hamanna sin a chur i gcomparáid le hamanna an chloig dhigitigh sa láthair choimeádta chun a chinntiú go bhfuil siad cruinn agus ar chomhthráth le chéile. |

| | | |
|---|---|---|
| Dualgais | Freastal ar athshealbhuithe agus an ról atá ag Gardaí lena linn | Moladh gur cheart treoir a eisiúint i ndáil le cúnamh a bheith á thabhairt ag Gardaí le linn athshealbhú réadmhaoine. |
| Póilíneacht oird phoiblí | An Éide | Moladh gur cheart an gá lena chinntiú gur ceart agus infheicthe atá guailleoga agus comharthaí clogaid a mheabhrú do bhaill. |
| | Tuairiscí bata | Moladh gur cheart d'oifigigh aonair tuairiscí bata lena mínítear gach buille aonair a chur isteach, in ionad cead a thabhairt don Bhall i gCeannas ar pháirtí tuairisc scríofa a dhéanamh chuig an mBall i gCeannas ar an stáisiún lena leagtar cuntas ar an teagmhas amach. |
| | Trealamh | Leagadh béim nach bhfuil teacht ar shriantaí oifigiúla cos. *(Eisíodh tuarascáil tar éis do dhuine bás a fháil agus é faoi choimeád.)* |
| Soláthar faisnéise | | Tugadh ráiteas maidir leis an moill ar fhaisnéis a chur ar fáil agus go raibh an fhaisnéis a fuarthas míchruinn. |
| Bail a chur ar dhaoine faoi choimeád | Rochtain ar aturnae | Moladh go bhféadfadh údaráis an Gharda Síochána breithniú a dhéanamh ar mholadh do bhaill go gcuirfear an t-iarratas go díreach ar aghaidh chuig an mball i gceannas más rud é go n-iarrann príosúnach rochtain ar aturnae agus é faoi choimeád. |
| | Ginearálta | Leagadh béim ar theagmhas inar breathnaíodh go raibh Gardaí ag déanamh neamhiontas de dhuine faoi choimeád. Chuir an duine faoi choimeád i gcéill ní ba luaithe gur tháinig fanntais air. Moladh gur cheart don Gharda Síochána meabhrú do bhaill gur cheart bail a chur ar phríosúnaigh ar aon dul leis na Rialacháin faoi na hAchtanna um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfear ar Dhaoine faoi Choimeád i Stáisiúin an Gharda Síochána), 1987 agus 2006, i gcónaí. |
| | Rialacháin | Leagadh béim ar údair imní faoi chur i bhfeidhm na Rialachán maidir leis an mBail a Chuirfear ar Dhaoine faoi Choimeád i Stáisiúin an Gharda Síochána, 1987. Moladh gurb é an t-aon scóip atá ag an mBall i gCeannas (BIC) le haghaidh imeacht ón ngá le cuairt a thabhairt ar dhaoine faoi choimeád agus na fiosruithe riachtanacha a dhéanamh ná an cás nach bhfuil an Ball i gCeannas ábalta na dualgais sin a chomhlíonadh agus go soláthraíonn sé údarú i scríbhinn do bhall eile iad a chomhlíonadh. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Moladh go bhféadfadh go mbeadh sé riachtanach Rialacháin faoi Choimeád nó treoir a leasú d'fhonn tuilleadh breithniúcháin a spreagadh ar thuairim mhíochaine fhoirmiúil a fháil faoi cé acu atá, nó nach bhfuil, cóireáil mhíochaine ag teastáil, nuair a bhaineann gabhálacha le halt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994 nó le halt 25 den Licensing (Ireland) Act 1874. |
| | Ról na mBall i gCeannas agus na Séiléirí | Tugadh faoi deara gur chosúil nach raibh aon bheartas doiciméadaithe de chuid an Gharda i bhfeidhm lena sainítear ról an tSéiléara agus na freagrachtaí atá air. |
| | Oiliúint do Bhaill i gCeannas agus do Shéiléirí | Moladh oiliúint i dtaca le príosúnaigh ar meisce agus leo siúd a bhféadfadh go bhfuil gortú inchinne orthu; gur cheart breithniú a dhéanamh ar threoir níos soiléire a thabhairt do bhaill faoi mhúscailt, agus faoin ngá le freagra soiléir a fháil ó phríosúnach, agus nach leor freagra ina aonar; gur cheart tuilleadh oiliúint feasachta a sholáthar do bhaill chun iad a chur san airdeall faoi rioscaí féideartha do dhaoine faoi choimeád a d'fhéadfadh bheith faoi thionchar meisceach éagsúil. |
| | | Cuireadh ar aghaidh moltaí a rinne giúiré gur cheart do bhaill den Gharda Síochána oiliúint athnuachana i dtaca le Garchabhair, le hAisficse Ionaid agus le teicnící srianta a úsáid nuair atáthar ag déileáil le daoine a bhfuil rámhaille ghríosaithe orthu. |
| | | Moladh gur cheart don Gharda Síochána breithniú a dhéanamh ar chritéir éigeantacha nó inmhianaithe a dhéanamh d'oiliúint i nGarchabhair ag an Obair do bhaill atá ag comhlíonadh na feidhme mar Bhall i gCeannas. |
| | Trealamh | Moladh úsáid a bhaint as ceamaraí i gcillíní. |
| | Ginearálta | Cuireadh ar aghaidh moltaí a rinne giúiré, tar éis breithiúnais go bhfuarthas bás trí mhíthapa:<br>• nach mór idirghabháil ghairmiúil mhíochaine a iarraidh i gcásanna ina sroicheann Gardaí láthair agus nach bhfuil duine ag freagairt<br>• gur cheart oiliúint in ACS a chur ar gach Garda<br>• go bhfuil dífhibrileoir ag gach stáisiún Gardaí. |
| | | Cuireadh ar aghaidh moltaí a rinne giúiré, tar éis breithiúnais go bhfuarthas bás trí mhíthapa, gur cheart tuilleadh breithniúcháin a dhéanamh ar cé acu a thabharfar, nó nach dtabharfar, duine go dtí an t-ospidéal le haghaidh aire |

| | | |
|---|---|---|
| | | míochaine láithreach in ionad é a thabhairt go stáisiún na nGardaí. |
| Imscrúdú ar bhásanna (tobanna) | | Moladh gur cheart:<br>• do bhaill imscrúdaithe leas a bhaint as tuilleadh eolais, agus tuilleadh tuisceana, ar threoir maidir leis an imscrúdú ar bhásanna tobanna<br>• do mhaoirseoirí na mball a bhfuil baint acu leis an imscrúdú ar bhásanna tobanna breithniú a dhéanamh ar an eolas agus ar an tuiscint atá ag na baill ar an treoir lena mbaineann<br>• go mbainfí leas as treoir a eisíodh nó a atheisíodh chuige sin san imscrúdú ar theagmhais chosúla. |
| Idirchaidreamh le teaghlaigh | | Leagadh béim ar chás ina raibh caighdeán íseal teagmhála le teaghlach, lena n-áirítear gan teagmháil ar bith idir Gardaí agus athair an duine nach maireann ó thráth an bháis go dtí tréimhse ghairid roimh an ionchoisne, tráth a raibh ráiteas ag teastáil. |
| Iompar ó dhualgas | Feidhmiú cumhachtaí | Moladh go bhféadfadh an Garda Síochána athbhreithniú a dhéanamh ar aon treoir a eisíodh cheana maidir le baill ó dhualgas ag dul ar dualgas agus ag feidhmiú chumhachtaí na nGardaí.<br>*(Tháinig sé aníos nuair a rinne ball den Gharda Síochána iarracht feithicil a stopadh nuair a bhí gnáthéadach air, agus é ina fheithicil phearsanta agus gan leas a bhaint as aitheantas an Gharda Síochána.)* |
| | Finnéithe | Moladh gur cheart eolas a thabhairt do bhaill faoin ngníomh cuí le déanamh nuair a fheiceann siad cion líomhnaithe agus iad ó dhualgas, go háirithe agus comhluadar á dhéanamh acu agus iad faoi thionchar an óil. Ba cheart go gcabhródh sé sin lena chinntiú, nuair is féidir, go bpléadh an pearsanra cuí leis an gciontóir líomhnaithe ar an mbealach cuí, agus le hionracas an bhaill a chonaic an cion líomhnaithe a chosaint freisin. |
| Gach glao isteach agus amach a thaifeadadh ar líne ghutháin ar leith | | Moladh go bhféadfadh Coimisinéir na nGardaí athmheasúnú a dhéanamh ar a chleachtas maidir le taifeadadh na nglaonna sin agus leis an toiliú ag teastáil, le gur ceadmhach na taifeadtaí sin a úsáid mar fhianaise. |

## Tuarascáil Speisialta

An 9 Bealtaine 2013, chuir an Coimisiún Tuarascáil Speisialta faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, de bhun alt 80(5) d'Acht an Gharda Síochána 2005. Tháinig sé sin aníos tar éis imscrúdaithe de bhun alt 102(4). Cuireadh san áireamh sa tuarascáil 20 moladh atá grúpáilte anseo faoi cheannteidil éagsúla ar mhaithe le tagairt dóibh a éascú.

**Maidir le húsáid faisnéiseoirí ag an nGarda Síochána:**

1. Moltar gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an oiliúint reatha maidir leis an gcóras Foinsí Faisnéise Daonna faoi Cheilt (FFDC) chun feasacht ar an gcóras, comhlíonadh an chórais agus úsáid chomhsheasmhach an chórais a chinntiú, ní amháin do na daoine sin i bpoist fhorordaithe bhainistíochta faisnéise laistigh den chóras, ach do dhaoine ag gach leibhéal den Gharda Síochána freisin.
2. Moltar gur cheart béim mhéadaithe a chur ar chruinneas agus iomláine na dtaifead a dhéantar nó atá ag teastáil faoin gcóras FFDC.
3. Moltar gur cheart úsáid a bhaint as meicníochtaí le sainaithint a dhéanamh ar bhaill den Gharda Síochána a bhfuil ag teip orthu a gcuid oibleagáidí faoi bheartas FFDC a chomhlíonadh agus lena chinntiú go mbaintear daoine aonair a dteipeann orthu comhlíonadh ó thuilleadh rannpháirtíochta i saincheisteanna a bhaineann le FFDC go dtí go gcuirtear oiliúint feabhais dheimhnithe i gcrích go rathúil.
4. Moltar gur cheart don Gharda Síochána breithniú a dhéanamh ar phrótacal reatha agus éifeachtach a tháirgeadh le gníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin eile dlí Stáit d'fhonn an fhéidearthacht a bhaineann le faisnéis á tabhairt ag faisnéiseoir do níos mó ná gníomhaireacht amháin a bhainistiú.
5. Moltar gur cheart breithniú a dhéanamh ar threoir a tháirgeadh maidir le bailiú faisnéise ag Gardaí ó fhaisnéiseoirí neamhchláraithe agus ón maoirseacht orthu siúd. Ba cheart go gcuirfeadh an treoir sin soiléire ar fáil faoi cén uair, agus faoi na cásanna, inar féidir tabhairt faoin mbailiú faisnéise ó fhaisnéiseoirí neamhchláraithe agus faoi bhainistiú na n-idirghabhálacha sin agus faoi úsáid na faisnéise sin.
6. Moltar gur cheart córais a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh an chórais FFDC a chinntiú e.g. ba cheart breithniú dearfach i bpróiseas ardú céime an Gharda Síochána a bheith i gcomhlíonadh an chórais.
7. Moltar gur cheart cruthú a dhéanamh ar shárú rialach nua agus sonrach a bhaineann le neamhchomhlíonadh nósanna imeachta bunaithe i leith ábhar atá bainteach le FFDC. Aontaíonn sé sin le ceann amháin de na moltaí a rinne Binse Fiosrúcháin Morris i mí Iúil 2004, eadhon; *'Ba cheart mainneachtain cloí le nós imeachta um bainistíocht faisnéiseoirí a bheith ina cúis le gníomh mear bainistíochta. Ba cheart breathnú go neamhfhabhrach ar mhainneachtain cloí le nós imeachta nó eolas a ghnóthú ar nós imeachta. Ba cheart gníomh araíonachta de chineál éigin teacht aisti...' (Binse Fiosrúcháin Morris, an chéad tuarascáil, caibidil 13).*

8. Moltar gur cheart breithniú a dhéanamh an athuair ar mhodheolaíocht le haghaidh maoirseacht a dhéanamh ar FFDC, ar maoirseacht í atá inmheánach don Gharda Síochána agus ag an údarás seachtrach, le go gcuirfear san áireamh na saincheisteanna go léir a bhaineann leis na nithe seo:
   - earcú/clárú agus láimhseáil gach faisnéiseora;
   - slándáil agus scaipeadh faisnéise íogaire;
   - cur i gcrích agus slándáil doiciméadúcháin;
   - luaíochtaí agus dreasachtaí le haghaidh faisnéise/faisnéiseoirí;
   - a caidreamh le teicnící eile bailiú faisnéise faoi cheilt;
   - ba cheart an t-iniúchadh sin bheith follasach, cuntasach, cuimsitheach, neamhspleách agus ionsáiteach.

**Maidir le húsáid 'faisnéiseoirí rannpháirteacha' ag an nGarda Síochána agus gníomhaíocht den sórt sin a rialáil:**

9. Moltar gur cheart breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas a cheapadh agus a thabhairt isteach:
   - treoir maidir le húsáid agus bainistíocht 'faisnéiseoirí rannpháirteacha' in oibríochtaí an Gharda Síochána;
   - ba cheart ordú sa treoir freisin cé acu ba cheart, nó nár cheart, do ghardaí, agus cén uair ba cheart do ghardaí, comhairle an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a iarraidh maidir le húsáid a bhaint as faisnéiseoir rannpháirteach sula mbaintear feidhm as/aisti;
   - ba cheart aghaidh a thabhairt inti ar conas a dhéanfadh gardaí, nó cé acu ba cheart, nó nár cheart, do ghardaí tuairimí an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a chur san áireamh in aon straitéis oibriúcháin nó straitéis láimhseála FFDC;
   - ba cheart ceangal a chur sa treoir ar ghardaí taifead iomlán a leagan ar gach cumarsáid ar an gcomhad ábhartha, bíodh sí ina cumarsáid inmheánach nó ina cumarsáid sheachtrach (lena n-áirítear taifead beacht ar chomhairle a iarradh nó a fuarthas ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus cinntí a rinneadh le linn plé nó cruinnithe a bhaineann leis na cásanna sin);
   - ba cheart leagan síos sa treoir sin na nithe ar cheart do ghardaí aird an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a tharraingt orthu, i dtaca le saincheisteanna faisnéiseoirí, nuair a chuirtear comhaid faoi bhráid na hoifige sin sula ndéantar cinneadh chun ionchúiseamh;
   - d'fhéadfadh aon treoir sin den chineál sin bheith i riocht treorach, prótacal, cóid chleachtais agus/nó reachtaíochta de chuid an Gharda Síochána.
10. Moltar gur cheart d'iompar faisnéiseora a d'fhéadfadh a mheas go bhfuil páirt á glacadh aige/aici i gcion agus eolas ag Gníomhaireacht stáit ar an bpáirt sin, bheith faoi réir an iniúchta agus na mbreithniúchán eiticiúil is airde. Ba cheart don iniúchadh sin bheith ionsáiteach agus láidir agus ba cheart é a thaifeadadh go mionchúiseach.
11. Moltar gur cheart iniúchadh ar chur chun feidhme an chórais FFDC a dhéanamh go neamhspleách ó na húdaráis atá bainteach le gníomhaíocht an fhaisnéiseora agus gur cheart don iniúchadh sin bheith follasach agus cuntasach d'údarás atá formheasta ag an Rialtas.

12. Moltar gur cheart oiliúint a chur ar fáil i leith úsáid agus bainistíocht daoine a d'fhéadfaí a mheas mar 'fhaisnéiseoir rannpháirteach'. Ba cheart an socrú paraiméadar agus an t-ullmhú measúnuithe riosca scríofa mionsonraithe a chur san áireamh ansin.

**Maidir le láimhseáil faisnéise:**

13. Moltar gur cheart breithniú a dhéanamh ar leibhéil rochtana ar fhaisnéis íogair a athbhreithniú agus taifeadadh na faisnéise sin a dhéanamh chun comhlíonadh agus ionracas a chinntiú.
14. Moltar gur cheart breithniú a dhéanamh ar na próisis atá i bhfeidhm a rialaíonn scaipeadh faisnéise agus dáileadh spriocdhírithe a athbhreithniú, lena n-áirítear meicníochtaí chun comhlíonadh dian a chinntiú.
15. Moltar gur cheart breithniú a dhéanamh ar athbhreithniú ar an idirghníomhaíocht i measc aonaid náisiúnta an Gharda Síochána, lena n-áirítear a bhfeidhmíocht i leith comhoibríochtaí agus faisnéis chomhroinnte.
16. Moltar gur cheart neamhchomhlíonadh nósanna imeachta bunaithe i leith láimhseáil faisnéise agus scaipeadh faisnéise a shainaithint mar chion araíonachta.
17. Moltar gur cheart breithniú a dhéanamh sa phróiseas ardú céime ar chomhlíonadh nósanna imeachta bunaithe i leith ábhar a bhaineann le láimhseáil faisnéise agus scaipeadh faisnéise.
18. Moltar gur cheart breithniú a dhéanamh an athuair ar mhodheolaíocht le haghaidh maoirseacht a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le faisnéis, ar maoirseacht í atá inmheánach don Gharda Síochána agus ag an údarás seachtrach, le go gcuirfear san áireamh na saincheisteanna go léir a bhaineann leis na nithe seo:
    - slándáil agus scaipeadh faisnéise íogaire;
    - teicnící eile bailiú faisnéise faoi cheilt;
    - cur i gcrích agus slándáil doiciméadúcháin; agus
    - luaíochtaí agus dreasachtaí le haghaidh eolais/faisnéise.

    Ba cheart don iniúchadh sin bheith follasach, cuntasach, cuimsitheach, neamhspleách agus ionsáiteach.

**Maidir le tionchar ar Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (COGS) agus ar mhaoirseacht:**

19. Moltar gur cheart rochtain neamhspleách ar an gcóras PULSE a chur ar fáil do Choimisiún an Ombudsman láithreach.
20. Moltar gur cheart neartú a dhéanamh, trí reachtaíocht nó shlí eile, ar nochtadh fianaise agus faisnéise ar leis an nGarda Síochána iad, a gcoinníonn an Garda Síochána iad nó atá i seilbh an Gharda Síochána do Choimisiún an Ombudsman in imscrúduithe coiriúla d'fhonn cur ar fáil iomlán, infhíoraithe, tráthúil agus neamhchoiscthe a chinntiú. Ba cheart an soláthar faisnéise íogaire nó faisnéise a bhaineann le faisnéiseoirí do Choimisiún an Ombudsman a chur san áireamh anseo.

Tar éis an Tuarascáil Speisialta a chur isteach, tugadh cuireadh don Choimisiún freastal ar chruinniú a thionóil an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ar fhreastail an Garda Síochána air freisin.

Dhírigh an cruinniú go príomha ar dhul chun cinn a dhéanamh ar chomhaontú maidir le prótacail idir Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus an Garda Síochána maidir leis an gcomhroinnt faisnéise. Ní raibh an Coimisiún eolach ar aon fhorbairtí maidir le moltaí eile an 31 Nollaig 2013.

# 5. Próifíl na nGearánach

Chríochnaigh COGS an dara bliain iomlán dá Phróifíl Ghearánach a bhí ceaptha chun cabhrú le COGS a thuiscint cé acu ba dhócha, nó nár dhócha, go ndéanfadh catagóirí ar leith de dhaoine gearán faoi ghníomhartha gardaí. Ní mheasann an suirbhé cé acu ba dhócha, nó nár dhócha, go bpléifeadh daoine áirithe le mí-iompar líomhnaithe gardaí.

Léiríonn na torthaí gurb é is dóichí gur daoine geala, Éireannacha, folláine, a labhraíonn Béarla, a bhfuil cóiríocht á fáil ar cíos acu agus a bhfuil oideachas dara leibhéal iad na daoine a dhéanann gearán do COGS (de réir an % is airde i ngach catagóir). Tá léiriú láidir ann de dhaoine ar úinéirí tí iad agus de dhaoine atá dífhostaithe. San iomlán, agus mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe sin, tugann na torthaí le fios nach dtarraingítear gearánaigh le COGS as na catagóirí faoin míbhuntáiste sóisialta is mó de ghnáth.

**Cairt 13. Eitneacht na ngearánach**



**Cairt 14. Céadteanga na ngearánach**




**Cairt 15. Stádas tithíochta na ngearánach**



**Cairt 16. Stádas sláinte/míchumais na ngearánach**




**Cairt 17. Stádas fostaíochta na ngearánach**



**Cairt 18. Gnóthachtáil oideachais is airde na ngearánach**



# 6. Suirbhéanna ar Dhearcaí an Phobail

Choimisiúnaigh COGS Behaviour & Attitudes d'fhonn suirbhé a dhéanamh ar dhearcaí an phobail i measc an daonra náisiúnta mar a bhaineann siad le COGS. Rinneadh an suirbhé seo an uair dheireanach in 2011 agus níor cuireadh ar siúl é in 2012 mar thoradh ar shrianta buiséid. Rinneadh an suirbhé an athuair i mí Eanáir 2014, agus machnamh á dhéanamh ar 2013.

Ba iad seo na príomhthorthaí do 2013:

- Measann 69% de dhaoine gur comhlacht neamhspleách é COGS; is méadú 3% é sin ón suirbhé a rinneadh in 2011.
- Comhaontaíonn 47% go dtugann COGS faoina chuid oibre ar bhealach éifeachtúil. Cé gur tháinig laghdú 3% ar an bhfigiúr sin ó na torthaí in 2011, shonraigh 40% de fhreagraithe nach raibh aon tuairim acu; is é an glantoradh ná go measann 13% nach bhfuil COGS éifeachtúil - tá an figiúr sin gan athrú ón mbliain 2011.
- Measann 61% gurb éifeachtach atá COGS maidir leis na Gardaí a dhéanamh níos cuntasaí faoina ngníomhartha. Tháinig laghdú 11% ar an bhfigiúr sin ón mbliain 2011.
- Comhaontaíonn formhór na ndaoine fásta a ndearnadh suirbhé orthu (53%) go ndéileálann COGS le gearáin ar bhealach neamhchlaonta. Cuireann 61% in iúl freisin go bhfuil muinín acu as cothroime COGS.

# Aguisín 1
# Caiteachas agus Coigilteas 2013

| Catagóir | An Bunbhuiséad | Caiteachas | |
|---|---|---|---|
| **Tuarastal, Pá agus Liúntais** | **€5,435,000.00** | **A01 - Pá agus Liúntais** | **€5,264,032.00** |
| **Neamhphá** | **€2,576,415.00** | **A02 - Taisteal agus Cothú** | €94,737.00 |
| | | **A03 - Costais Theagmhasacha** | €321,377.00 |
| | | **A04 - Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide** | €103,085.00 |
| | | **A05 - Trealamh Oifige agus Soláthairtí Eile Oifige** | €588,142.00 |
| | | **A06 - Costais Oifige agus Áitribh** | €1,591,274.00 |
| | | **A07 - Comhairleacht** | €00.00 |
| | | **A08 - Caiteachas Taighde** | €9,656.00 |
| | | **Leithghabháil i gCabhair** | -€1629.00 |
| | | **Iomlán Neamhphá** | **€2,706,643.00** |
| **Leithdháileadh Buiséid Iomlán 2013** | **€8,011,415** | **Caiteachas Iomlán Pá agus Neamhphá 2013** | **€7,970,675.00** |
| **Coigilt iomlán 2013 - €40,740** | | | |

*Tabhair faoi deara: Ní dhearnadh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na figiúirí a luaitear go fóill.*

# Aguisín 2
# Leibhéil Soláthar Foirne 2013

| | Leibhéal Soláthar Foirne amhail an 1 Eanáir 2013 | Leibhéal Soláthar Foirne amhail an 31 Nollaig 2013 |
|---|---|---|
| **Stiúrthóirí (Rúnaí Cúnta)** | | |
| An Stiúrthóireacht Riaracháin | 1 | 1 |
| An Stiúrthóireacht Oibríochtaí | 1 | 1 |
| **An tAonad um Chásobair** | | |
| Príomhoide Cúnta | 2 | 2 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 7 | 7 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 6 | 5 |
| Oifigeach Cléireachais | 8 | 7 |
| **An tAonad um Imscrúduithe** | | |
| Leas-Stiúrthóir Imscrúduithe | 1 | 1 |
| Oifigeach Sinsearach Imscrúdaithe | 6 | 8 |
| Oifigeach Imscrúdaithe | 16 | 18 |
| Anailíseoir | 2 | 2 |
| Oifigeach Cúnta Imscrúdaithe | 8 | 8 |
| **An tAonad um Sheirbhísí Corparáideacha** | | |
| Príomhoide Cúnta* | 1 | 1 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 1 | 1 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 2 | 1 |
| Oifigeach Cléireachais | 2 | 2 |
| Oifigeach Seirbhíse | 1 | 1 |
| **An tAonad Acmhainní Daonna agus Oiliúna** | | |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 0 | 1 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 1 | 0 |
| Oifigeach Cléireachais | 1 | 0 |

| | Leibhéal Soláthar Foirne amhail an 1 Eanáir 2013 | Leibhéal Soláthar Foirne amhail an 31 Nollaig 2013 |
|---|---|---|
| **An tAonad Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide** | | |
| Príomhoide Cúnta | 1 | 1 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 1 | 1 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 1 | 0 |
| Oifigeach Cléireachais | 1 | 1 |
| **An tAonad Gnóthaí Dlí** | | |
| Príomhoifigeach | 1 | 1 |
| Príomhoide Cúnta | 1 | 1 |
| Oifigeach Cléireachais | 1 | 1 |
| **An tAonad Cumarsáide agus Taighde** | | |
| Ceann Cumarsáide agus Taighde | 0 | 0 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 1 | 1 |
| **Taighdeoir** | 1 | 0 |
| Leabharlannaí | 1 | 1 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 0 | 1 |
| **An tAonad Beartais agus an Rúnaíocht** | | |
| Príomhoide Cúnta | 1 | 1 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 1 | 0 |
| Oifigeach Cléireachais | 1 | 1 |
| **IOMLÁN** | **80** | **78** |

**Freagrachtaí as Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna agus Oiliúint agus Airgeadas.*

# Aguisín 3
# Oiliúint agus Forbairt 2013

## Comhdhálacha

Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde: Comhdháil um Dhearcadh Síceasóisialta - Líonra Éireann um Bainistíocht ar an Strus a Leanann Teagmhais Chriticiúla.

Rialacha Eorpacha Soláthair a Thuiscint - Seirbhísí Soláthair Achilles.

Úsáid Éifeachtach eTenders - Seirbhísí Soláthair Achilles.

Comhaontuithe Seirbhíse agus Bainisteoirí Conarthaí - Seirbhísí Soláthair Achilles.

Cáipéisí Tairisceana a Ullmhú - Seirbhísí Soláthair Achilles.

Comhdháil an Fhorais Riaracháin, 2013, An Móiminteam a Choinneáil: Tosaíochtaí Athchóirithe tar éis Chlár an Troika - An Foras Riaracháin.

Comhdháil Dlí Choiriúil 2013 - Thomson Roundhall.

Comhdháil Bhliantúil Inmheánach agus Seirbhíse Poiblí - Dlí-Chumann na hÉireann.

Comhdháil um Fheabhsú an Phróisis Ghnó sa tSeirbhís Phoiblí - An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

An 14ú Comhdháil Bhliantúil um Ionchúisitheoirí Poiblí - An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Tuairiscí Riachtanacha chun Dáta na Cúirte Dúiche - Central Law Training.

Comhdháil Éisteachtaí ó Bhéal agus Fiosrúchán - La Touche Training.

Comhdháil Ionchoisní 2013 - Central Law Training.

Comhdháil Chumann Ombudsman na Breataine agus na hÉireann (COBÉ) - COBÉ.

Comhdháil um Maoirseacht Póilíní - Ombudsman do Phóilíní, Tuaisceart Éireann (OPTÉ).

## Seimineáir

Oiliúint Líonra na nIdirghabhálaithe Sibhialta agus Seirbhíse Poiblí.

Seimineár TF Zinopy - Zinopy.

Imeacht Forbartha Gairmiúla na nOifigeach Idirchaidrimh le Teaghlaigh de chuid Chumann Chinn na bPóilíní - Cumann Chinn na bPóilíní.

Rochtain ar Gach Réimse - Faisnéis a Chur ar Fáil agus a Chosaint - Mason Hayes and Curran.

**Cúrsaí**

Oiliúint Peoplepoint do Bhainisteoirí agus d'Fhostaithe - oiliúint inmheánach COGS.

Oiliúint um Chearta an Duine d'Oiliúnóirí - Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine.

Ríomhchomhaid, Bainistíocht Comhad agus Dea-Chleachtais Chomhdúcháin - oiliúint inmheánach COGS.

Oiliúint um Fhorbairt Imscrúdaitheoirí Láithreacha Coire - Oiliúint Inmheánach COGS le haoichainteoirí.

Prince 2 Foundation agus Bainistíocht Tionscadal - BT Training.

Lá Forbartha Gairmiúla na nOifigeach Idirchaidrimh le Teaghlaigh - oiliúint inmheánach COGS.

Oiliúint um Agallaimh Imscrúdaitheacha - Sancus Solutions.

Oibriú le hÍospartaigh Foréigin Ghnéasaigh - An tIonad Éigeandála um Éigniú.

Oiliúint Chalabrúcháin CBFF - An Roinn Airgeadais.

Oiliúint Bainistíocht Coinbhleachta Cinergy - Blossom Development.

Ceardlann um Fhorbairt Loga Cinnidh Bheartais - oiliúint inmheánach COGS.

**Oideachas Leantach agus Forbairt Foirne**

BSc (Onóracha) Staidéar Gnó agus Dlí - Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath, Sráid Aungier.

BA Bainistíocht Phoiblí - An Foras Riaracháin.

MA Ceartas Coiriúil - An Foras Riaracháin.

MSc Ríomhaireacht Fhóiréinseach agus Imscrúdú Cibearchoireachta, COBÁC.

# Aguisín 4
# Athbhreithniú Dlíthiúil ar 2013

## Cásanna os comhair na gcúirteanna in 2013 mar thoradh ar imscrúduithe COGS

Tháinig 20 cás lena raibh baint ag 19 ngarda, garda promhaidh amháin agus cúigear sibhialtach os comhair na gcúirteanna in 2013. Díobh sin, tháinig 10 dtriail lena raibh baint ag 11 duine líomhnaithe i gcrích agus is féidir na torthaí a fheiceáil thíos.

## Torthaí Cúirte

Ciontaíodh beirt ghardaí. Ciontaíodh duine amháin as leanbh a thruailliú, contrártha le halt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2006 agus ciontaíodh an duine eile as tiomáint mhíchúramach, contrártha le halt 52 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961.

Ciontaíodh beirt shibhialtach as faisnéis bhréagach agus mhíthreorach a chur ar fáil, contrártha le halt 110 d’Acht an Gharda Síochána 2005.

I gcás amháin, phléadáil ball den Gharda Síochána go raibh sé ciontach. Ina dhiaidh sin, áfach, dhíbh an Breitheamh Dúiche an toghairm.

I gcás eile, d’admhaigh ball den Gharda Síochána fíricí an cháis. Ina dhiaidh sin, áfach, dhíbh an Breitheamh Dúiche an toghairm.

D’ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúiseamh breise in aghaidh baill den Gharda Síochána, ach tharraing an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí siar é ina dhiaidh sin.

Éigiontaíodh ball amháin den Gharda Síochána agus beirt shibhialtach ó na cúisimh go léir os comhair na cúirte. Éigiontaíodh ball eile den Gharda Síochána tar éis achomharc a chiontaithe in 2012. Éigiontaíodh ball breise den Gharda Síochána ó 3 chúiseamh agus cuireadh ceathrú cúiseamh ar atráth go dtí an bhliain 2014.

Cuireadh an tAcht um Promhadh Ciontóirí, 1907, i bhfeidhm maidir le cás amháin, tar éis do bhall den Gharda Síochána a phléadáil go raibh sé ciontach as cúiseamh nach raibh an TNG aige, contrártha le halt 18 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961.

Rinne ball ar promhadh den Gharda Síochána a chiontú a achomharc, ach tharraing sé a achomharc siar ina dhiaidh sin. Rinne ball eile den Gharda Síochána a chiontú a achomharc agus ghéill an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a achomharc.

## Rabhadh Aosach

Fuair ball amháin den Gharda Síochána rabhadh neamhfhoirmiúil aosach.

## Comhaid a cuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí in 2013

- Cuireadh 32 comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, lena n-áirítear comhaid a bhaineann le triúr sibhialtach.
- D'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúisimh i naoi gcás, a bhain le hochtar ball den Gharda Síochána agus beirt shibhialtach.

Trialacha ar Feitheamh

Ag deireadh na bliana 2013, fanann ábhair a bhaineann le deichniúr daoine líomhnaithe, mar thoradh ar imscrúduithe COGS, os comhair na gcúirteanna.

**Ordúcháin le haghaidh ionchúiseamh in 2013:**

- D'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúisimh in ocht gcás, a bhain le seisear gardaí agus triúr sibhialtach. Ag deireadh na bliana 2013, bhí naonúr daoine líomhnaithe faoi réir trialacha os comhair na gcúirteanna, dá raibh triúr ag achomharc a gciontuithe.

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha
Cliath 1.
Teileafón (01) 871 6700
Íosghlao: 1890 600 800
Facs: (01) 8147026
Ríomhphost: info@gsoc.ie
Suíomh Gréasáin: www.gardaombudsman.ie

Is féidir leagan Gaeilge den tuarascáil seo
a fháil ó Choimisiún Ombudsman
an Gharda Síochána, ach í a iarraidh